Vacsaín niúmócocach

Clár dlúthaithe do leanaí faoi dhá bhliain d'aois

Irish translation of *Pneumococcal vaccine: Catch-up programme for children under two years of age*

Vacsaín niúmócocach

Ó Mheán Fómhair 2006 ar aghaidh, tá an vacsaín comhchuineach niúmócocach (PCV) á thabhairt isteach sa ghnáthchlár imdhíonaithe óige ag dhá mhí, ceithre mhí agus 15 mí d'aois chun leanaí a chosaint ó ionfhabhtú niúmócocach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil grúpa mór leanaí faoi dhá bhliain d'aois gan chosaint mar go bhfuair siad a bpríomhimdhíontaí gan PCV cheana féin. Tá clár dlúthaithe á chur ar fáil dá bhrí sin chun na leanaí seo a chosaint. Tugann an bhileog seo gearrchuntas ar an aicid agus ar an chlár.

Cad is ionfhabhtú niúmócocach ann?

Is féidir le hionfhabhtú niúmócocach a bheith ina thrúig niúmóine, seipticéime (nimhiú fola) agus meiningíteas. Bíonn leanaí faoi dhá bhliain d'aois go háirithe i mbaol ón ionfhabhtú seo. Ofrálann gnáthchlár imdhíonaithe imdhíonaithe na Ríochta Aontaithe cosaint in éadan an ionfhabhtaithe seo anois.

Mar go bhfuil do leanbh faoi dhá bhliain d'aois, tá an vacsaín seo (PCV) á ofráil dó/di. Ní bheidh ach dáileog amháin den vacsaín de dhíth ar leanaí atá bliain nó níos sine d'aois nuair a ghlaotar chun vacsaíní. Ofrálfar dhá dháileog do leanaí faoi bhliain d'aois, le teanndáileog gnáthaimh nuair a bhíonn siad 15 mí d'aois.

An gá dom aon rud a dhéanamh chun vacsaíniú a fháil do mo leanbh?

Ní gá. Cuirfidh an lialann nó an roinn sláinte leanaí áitiúil coinne chugat chun do leanbh a thabhairt isteach don vacsaín PCV.

An féidir le mo leanbh galar niúmócocach a fháil ón vacsaíniú?

Ní féidir. Ní vacsaín beo é PCV agus mar sin níl aon bhaol ann go bhfaighidh do leanbh ionfhabhtú niúmócocach ón vacsaíniú.

An mbeidh fo-éifeachtaí ag an vacsaín?

Ní aithnítear aon fho-éifeachtaí tromchúiseacha a bheith ag an vacsaín PCV. D'fhéadfadh roinnt at nó deirge a bheith san áit a dtugtar an t-instealladh – de ghnáth ní mhaireann sé seo níos faide ná 24 uair. D'fhéadfadh beagán teochta a bheith ag do leanbh agus é/í a bheith beagán tinn. Má tharlaíonn sé seo tabhair deochanna fionnuara do do leanbh agus roinnt paraicéiteamol nó lacht ibuprofen. Léigh na treoracha ar an bhuidéal go cúramach i gcónaí agus tabhair an dáileog atá ceart d'aois do linbh. Tá sé seo fíorthábhachtach i gcás leacht ibuprofen, mar nach mbíonn dáileoga áirithe ceart ach do leanaí ag aois agus meáchan áirithe.

Ná dearmad nach dtugtar cógaisí ina bhfuil aspirin do leanaí faoi 16 bliana d'aois riamh.

An bhfuil cúis ar bith ann nár chóir do mo leanbh PCV a fháil?
I bhfíorbheagán cásanna níor chóir do leanbh vacsaín PCV a fháil. Ba chóir duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir nó d'altra cleachtais a chur ar an eolas má tharlaíonn aon cheann díobh seo:

- fiabhras nó teocht an-ard ar an leanbh;
- droch-fhrithghíomhú in éadan aon imdhíonú;
- ailléirge dian in aghaidh aon rud;
- neamhord fola ag an leanbh;
- arraingeacha nó taomanna ar an leanbh;
- cóireáil ailse a bheith faighte ag an leanbh;
- má bhí tinneas ag an leanbhán a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonaithe (msh leoicéime, VEID nó SEIF);
- má tá an leanbh ag glacadh aon chógas a théann i bhfeidhm ar an imdhíonta (msh stearóidí ard-dáileoige nó cóireálacha a thugtar tar éis trasphlandú orgáin nó ailse);
- má bhíonn aon drochthinneas eile ar an leanbh.

Ní chiallaíonn siad sin i gcónaí nach féidir vacsaín a thabhairt do do leanbh, ach cuidíonn sé leis an dochtúir nó leis an altra cinneadh a dhéanamh faoi na himdhíonuithe is fearr do do leanbh agus faoi aon chomhairle ba chóir a chur ort. Má tá stair tinnis sa teaghlach ní cúis é sin nach dtabharfaí imdhíonadh do leanbh.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi PCV?
Má tá tuilleadh eolais uait faoi PCV, tabhair cuairt ar www.immunisation.nhs.uk nó www.dhsspsni.org.uk/phealth nó labhair le do chuairteoir sláinte, altra cleachtais nó do dhochtúir, nó faigh an bhileog *Imdhíonadh do leanbháin suas le 15 mí d'aois* ó lialann nó clinic do dhochtúra.

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

01/07